## Réamhrá

Soláthraíonn Dáil Éireann airgead le haghaidh gnáthsheirbhísí ranna agus oifigí Rialtais, idir chistiú caipitil agus chistiú neamhchaipitil,

- trí mheastacháin a cheadú ar chaiteachas do na seirbhísí sin i gcaitheamh gach bliana
- trí éifeacht reachtúil a thabhairt do na meastacháin in Acht Leithreasa bliantúil.

Foráiltear don chaiteachas faoi shraith vótaí, a gcumhdaíonn ceann amháin nó níos mó díobh feidhmeanna gach roinne nó oifige.

Gairtear an **raon** den chéad chuid den mheastachán do gach vóta. Soláthraítear leis sin breac-chuntas ar na seirbhísí atá le maoiniú. Cuirtear raon gach vóta ar áireamh san Acht Leithreasa bliantúil agus, mar sin de, léirítear ann na críocha ar údaraigh Dáil Éireann cistí ina leith.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, ceanglaítear ar gach roinn nó oifig cuntas, ar a dtugtar an **cuntas leithreasa**, a ullmhú do gach seirbhís vótáilte a riarann sí. Is é an ceanglas reachtúil atá ann go soláthrófar leis an gcuntas leithreasa mionsonraí faoi thoradh na bliana i gcoinne na suime ar sholáthair Dáil Éireann í, bunaithe ar shuimeanna airgid na n-íocaíochtaí agus na bhfáltas. Taispeántar toradh na bliana roimhe chun críche comparáide freisin.

I dteannta an fhaisnéis airgeadais reachtúil a sholáthar ar bhonn cuntasaíochta airgid, leagtar amach i ngach cuntas leithreasa roinnt faisnéise atá bunaithe ar fhabhruithe i nótaí leis an gcuntas.

- Taispeántar i Nóta 1 **ráiteas faoi chostais oibriúcháin** lena dtugtar faisnéis faoi chostas na seirbhíse don bhliain.
- Taispeántar i Nóta 2 **ráiteas faoin staid airgeadais**, a ngabhann nótaí míniúcháin gaolmhara leis, lena dtugtar faisnéis faoin staid airgeadais i leith na seirbhíse ag deireadh na bliana. Áirítear leis sin faisnéis faoi cheangaltais chaiteachais agus faoi staid iarbhír na seirbhíse vótáilte *vis-à-vis* an Státchiste ag deireadh na bliana i.e., an glandliteanas don Státchiste, nó an tsuim atá dlite ón Státchiste.
- Soláthraítear i nótaí eile leis an gcuntas faisnéis chaighdeánach faoi na nithe seo: caiteachas de réir an chláir agus an fho-mhírchinn (Nóta 3), fáltais (Nóta 4), agus líon foirne agus pá (Nóta 5). Cuirtear faisnéis faoi aon nithe ábhartha eile i láthair i Nóta 6 (cuntais ilghnéitheacha agus chiste).
- Áirítear le go leor vótaí rannacha aguisín lena liostaítear na comhlachtaí agus cistí Stáit a fheidhmíonn faoi scáth na roinne ábhartha, agus lena soláthraítear faisnéis faoi thráthúlacht an tuairiscithe airgeadais ag na comhlachtaí sin.